

PETTICOAT LOOSE

Bean óg a bhí innte agus sé an chaoi a fuair sí a hainm, oidhche a bhí sí i dteach damhsa agus thuit na cótaí beaga duithe. Ní raibh aon chlann ag á n-a hathair ná ag á n-a máthair ach í. Níl oidhche ar bith nach amuigh ar a comhairle féin a bhíodh sí ag imtheacht. Ní thagadh sí abhaile aon oidhche go dtogruigheadh sí féin é. Bhíodh an t-athair agus an mháthair a' casaoide agus ag iarraidh comhairle a chur uirthi. Bhuaileadh sí an t-athair agus an mháthair ach bhuaileadh sí dhá oiread ar a máthair agus bhuaileadh sí ar an athair.

D'éirigh léithe go raibh clann aice ar a comhairle féin. Nuair a rugadh an chlann chuir sí síos teine mhór. Tharraing sí amach an teine agus chuir sí an naoidheanán ar chúl na teine agus dhóigh sí é. Bhí sí ag imtheacht ar a comhairle féin go ceann sgathamh maith ina dhiaidh. Chríochnuigh Dia léithe go bhfuair sí bás, agus bhí sí chomh dona sin agus nach raibh aon ghlacadh in ifreann ná i bhFlaithis Dé léithe. D'imthigh sí agus tháinig sí ar bhóthar uaigneach ar an mbaile a rugadh í. Ní raibh duine aonraic a ghabhfadh an bóthar nach raibh marbh aice. Bhí fear den bhaile a' tigheacht abhaile le n-a chapall agus lena charr oidhche. Chuala sé go raibh sí dhá feiceál ann, ach ní raibh neart aige air. B'éigean dó thigheacht an bealach sin. Shuigh sé isteach ina charr. Ní achar fada a bhí le gul aige agus ar éigean a chuaidh an capall, é féin agus an carr chun a' thighe. Ar maidin lá ar na bhárrach bhí an capall marbh. San oidhche lá ar na bhárrach bhí fearóg den bhaile a' tigheacht abhaile, agus péire bróg aige ó ghréasaidhe. Tháinig sí roimhe agus d'ionnsuigh sí é. Chosain sé é féin sgathamh fada. Tháinig sé in aghaidh bruaich agus leagadh é aqua mharbhuigh sí é. Fuaradar lorg a shálaí ar an mbruach lá ar na bhárrach. Dubhairt far an chairr gur mhór an náire a leithéid a bheith san áit. Chuaidh sé go dtí an sagart agus agus d'innis sé dhó é. Tháinig sé féin agus an sagart go dtí an áit a bhfaca sé í. Chuir an sagart a stil faoi na mhuineál agus é a léigheadh an leabhair. Bhí sé a' léigheadh an leabhair nuair a tháinig sí láthair. "Bhfuil ughdar náire anois a'd" ars an sagart, as a bhfuil déanta a'd."

"Deanfaidh mé tuilleadh" adeir sí. "Tá tonna meadhachain sa láimh liom a raibh mé a' bualadh mo mháthar léithe, agus leath-tonna sa láimh a mbuailinn m'athair léithe. Ní ghabhfadh duine an bóthar nach marbhóchaidh mé.

"Cuirfidh mise in áit thú" ars an sagart, "nach bhféadfa tú duine a mharbhú. Cuirfish mé i lár na fairrge móire thú.

"Ní leigfidh mé long ná bád tharam" ar sise, "nach mbáthfa mé."

"Ní báthfair" ar seisean. "Cuirfidh mise ar thóin na fairrge thú a' déanamh rópa den ghainimh go lá an bhreitheamhnais."

"A' gcuirfidh mé tada thríd" ar sise.

"Ní chuirfidh" ar seisean.

D'imthigh sí os a choinne amach i lár na fairrge móire.

25/3/36

Bacach a bhíodh a' gul thart ina fhear siubhail, Peadar Ó hAllmhuráin, a d'innis dom Petticoat Loose is fada an lá ó shoin é. Sean-tsaighdiúr a bhí ann a tógadh ar in aice an Rosa taobh thíos d'Uachtar Ard. Chuaidh sé go Sasana agus liostáil sé agus chaith sé fiche bliain sna hIndiacha ina shaighdiúr. Bhí beagán pinsin dó ach má bhí féin bhí sé a' cruinniu a chodach ar fud na hÉireann.

Thagadh sé go dtí an Mám. Ní raibh mórán Gaedhilge aige, d'imthigh sé ró-óg as an tír. Is i mBéarla a d'innis sé *Petticoat Loose* dom-sa. Dubhairt sé liom gur minic a sheas sé ar an leic a mbíodh sí dá feiceál ann. Sé a d'innis dom faoi Sheán Ó Fearghail a bhí i mBeechwood Castle.